2025/1900

23.9.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1900 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Meán Fómhair 2025

lena mbunaítear an clár rialuithe bliantúil le haghaidh 2026 atá le cur i gcrích ag saineolaithe an Choimisiúin sna Ballstáit chun cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia a fhíorú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 118(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is ar na Ballstáit atá an fhreagracht reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia a fhorfheidhmiú, agus déanann a n-údaráis inniúla, trí na rialuithe oifigiúla a eagrú, faireachán go gcomhlíontar agus go bhforfheidhmítear ceanglais ábhartha an Aontais go héifeachtach agus déanann siad an méid sin a fhíorú. I gcomhthráth leis an bhfaireachán agus leis an bhfíorú sin, ceanglaítear le hAirteagal 116 de Rialachán (AE) 2017/625 ar shaineolaithe an Choimisiúin rialuithe a dhéanamh, lena n-áirítear iniúchtaí, sna Ballstáit chun cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais a fhíorú. Ba cheart rialuithe sin an Choimisiúin a dhéanamh sna réimsí seo a leanas: sábháilteacht bia agus beatha, sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí, táirgí cosanta plandaí, orgánaigh ghéinmhodhnaithe, seachtháirgí ainmhithe, táirgí orgánacha agus feidhmiú na gcóras rialaithe náisiúnta agus na n-údarás inniúil a oibríonn iad, agus sineirgí le socruithe rialaithe faoin gcomhbheartas talmhaíochta á gcur san áireamh.

(2) Tá clár rialuithe bliantúil curtha le chéile ag an gCoimisiún le haghaidh 2026. Ba cheart do shaineolaithe an Choimisiúin sna Ballstáit na rialuithe sin a dhéanamh chun cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis an slabhra agraibhia a fhíorú sna réimsí thuas. D'úsáid an Coimisiún critéir éagsúla le linn an phróisis tosaíochta, *inter alia*, sainaithint an riosca do thomhaltóirí, d'ainmhithe nó do phlandaí, feidhmíocht roimhe seo na mBallstát sa limistéar, méid táirgeachta, faisnéis ó fhoinsí ábhartha (mar shampla, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia) agus ó chomhpháirteanna an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla (CBFRO).

(3) Cuireann an clár rialuithe bliantúil seo le réimse tosaíochta an Choimisiúin maidir le 'Slándáil bia, uisce agus an dúlra' ([2]). Rannchuidíonn sé freisin le faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta i gcomhréir leis na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Cuireann na rialuithe a leagtar amach sa chlár ar a chumas don Choimisiún a oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais trína fhíorú go bhfuil rialuithe oifigiúla sna Ballstáit sna réimsí ábhartha i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.
([2]) Treoirlínte Polaitiúla 2024-2029], lch. 21.
([3]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

(4) Ba cheart a chur san áireamh sa chlár rialuithe bliantúil sin catagóirí na ngalar liostaithe a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([5]).

(5) I gcomhréir le hAirteagal 38(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), níl feidhm le bheith ag Airteagal 118 de Rialachán (AE) 2017/625 maidir le rialuithe ar thásca geografacha, lena n-áirítear iniúchtaí.

(6) Ós rud é go mbaineann an Cinneadh Cur Chun Feidhme seo ón gCoimisiún leis an gclár rialuithe bliantúil le haghaidh 2026, rud a mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Chinnidh Cur Chun Feidhme seo a chur siar chun go mbeidh sé i gcomhthráth leis an dáta sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo, leagtar amach an clár rialuithe bliantúil le haghaidh na tréimhse 2026 atá le cur i gcrích ag saineolaithe an Choimisiúin sna Ballstáit, clár bliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 116(1) de Rialachán (AE) 2017/625.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh Cur Chun Feidhme seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

IARSCRÍBHINN

An clár rialuithe bliantúil le haghaidh 2026

Réimse	Réimse Tosaíochta	Fócas in 2026
Bia agus Sábháilteacht bia	**Bia de bhunadh ainmhíoch**	Sábháilteacht táirgí feola agus ullmhóidí feola Sábháilteacht éisc agus táirgí iascaigh
	Ábhair a bhíonn i dtadhall le bia	Ábhar a bhíonn i dtadhall le bia ina bhfuil plaisteach athchúrsáilte
	Iarmhair in ainmhithe beo agus i mbia de bhunadh ainmhíoch	Sábháilteacht cheimiceach — iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lotnaidicídí agus éilleán
Beatha & sábháilteacht beatha	**Sábháilteacht Beatha**	Ábhar beathúcháin íocleasaithe (Aon Sláinte Amháin)
Sláinte ainmhithe	**Galar chatagóir A faoi Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún**	Fiabhras Afracach na muc Fliú éanúil ardphataigineach Bolgach caorach agus bolgach gabhar
	Galar chatagóir B agus galar chatagóir C faoi Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún	Córas faireacháin le haghaidh ghalar chatagóir B agus ghalar chatagóir C
	Ullmhacht & cosc	Pleanáil theagmhasach Fliú éanúil ardphataigineach (Aon sláinte amháin) Galair veicteoir-iompartha (Aon Sláinte Amháin)
Leas ainmhithe	**Ar an bhfeirm**	Éanlaith chlóis
	Iompar	Muiriompar
Sláinte plandaí	**Ráigeanna de lotnaidí plandaí**	Ráigeanna de lotnaidí ar bagairt mhór iad
	Ullmhacht agus cosc	Suirbhéanna agus pleanáil theagmhasach
Táirgí Cosanta Plandaí agus Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí	**Táirgí Cosanta Plandaí agus Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí**	Údarú, margú agus úsáid táirgí cosanta plandaí Úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí

Réimse	Réimse Tosaíochta	Fócas in 2026
Cáilíocht Bia	**Feirmeoireacht Orgánach**	Feirmeoireacht Orgánach
Ainmhithe agus earraí ó thríú tíortha a theacht isteach san Aontas	**Rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus ar earraí**	Ainmhithe agus earraí
Gnéithe ginearálta laistigh den slabhra agraibhia	**Orgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna)**	OGManna i mbeatha
	Aon staid éigeandála, aon fhadhb a thiocfaidh chun cinn agus aon fhorbairt nua	Staideanna éigeandála, fadhbanna a thiocfaidh chun cinn agus forbairtí nua